Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8435/26**

**AG 70**
**SIMPL 79**
**BETREG 3**
**IA 96**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Aibreán 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 380 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Creat Rialála AE Níos Simplí, Níos Soiléire, a Fhorfheidhmítear ar Bhealach Níos Fearr |

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 28.4.2026
COM(2026) 380 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Creat Rialála AE Níos Simplí, Níos Soiléire, a Fhorfheidhmítear ar Bhealach Níos Fearr**

GA GA

Tá uair na cinniúna buailte leis an Aontas Eorpach. Tá timpeallacht gheopholaitiúil theannasach, brú eacnamaíoch agus bagairtí ar an tslándáil agus ar an daonlathas os a chomhair. An tráth céanna, tá sé i mbun iarracht phráinneach chun dul i ngleic leis na bacainní struchtúracha atá á choinneáil siar agus chun na dálaí a chruthú a thacóidh le geilleagar sóisialta margaidh atá an-iomaíoch, nuálach agus inbhuanaithe. Mar chuid den iarracht sin, ní mór dúinn creat rialála simplí, éifeachtúil, trédhearcach agus infhorfheidhmithe a áirithiú, creat atá bunaithe go daingean ar an smacht reachta a thacaíonn le margadh aonair lán-chomhtháite. Tá sé fíor-riachtanach Eoraip aontaithe a bheith ann a chuireann a láidreachtaí chun tairbhe agus a choinníonn buntáiste iomaíoch ar bun. Cuid lárnach den iarracht sin is ea dlí an Aontais a fhorfheidhmiú ar bhealach straitéiseach, agus aird ar leith á tabhairt ar na réimsí is tábhachtaí dár muintir agus dár ngnólachtaí. Le cáilíocht agus in-fhorfheidhmitheacht rialacha an Aontais, múnlaítear freisin cumas an Aontais chun gníomhú go seachtrach agus a chaighdeáin a fhorchur, rud a chuireann le slándáil eacnamaíoch agus tionchar domhanda an Aontais.

Feidhmíonn an Coimisiún ceann de na córais um rialáil níos fearr is forbartha dá bhfuil ann, mar a d'aithin ECFE[1], lena gcomhcheanglaítear fianaise, measúnú tionchair agus comhairliúchán leathan le geallsealbhóirí. I gcomhthreo, tá bearta uaillmhianacha déanta aige chun an margadh aonair, cearta na saoránach agus saoirsí bunúsacha a neartú agus chun an smacht reachta a chosaint. D'ainneoin sin, is minic a bhíonn saoránaigh, gnólachtaí agus riaracháin phoiblí ag dul i ngleic le reachtaíocht chasta, dhlúth nó dhébhríoch ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal náisiúnta. Bíonn orthu aghaidh a thabhairt freisin ar mhoilleanna iomarcacha maidir le dlíthe an Aontais a thrasuí agus a chur chun feidhme, dúshláin forfheidhmiúcháin, constaicí maorlathacha agus ró-rialáil náisiúnta nach bhfuil gá léi.

Cuireann cur chun feidhme ilroinnte, déanach nó fuarbhruite dhlí an Aontais bac ar chuspóirí beartais an Aontais a bhaint amach, lagaíonn sé an margadh aonair agus baineann sé an bonn d'iomaíochas agus d'athléimneacht an Aontais. Is féidir le sáruithe móra fadtéarmacha ar dhlí an Aontais an bonn a bhaint den smacht reachta freisin, rud atá fós faoi bhrú sa chomhthéacs domhanda atá ann faoi láthair. Ní hamháin go mbaineann ráthú an smachta reachta le luachanna an Aontais a chosaint. Tá sé bunúsach le haghaidh deimhneacht dhlíthiúil, intuarthachta agus timpeallacht fhabhrach infheistíochta agus ghnó.

Is é is aidhm don Teachtaireacht seo nuachóiriú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar dlíthe an Aontais a dhearadh, a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, agus a áirithiú an tráth céanna go bhfuil siad soiléir, solúbtha agus oiriúnach dá bhfeidhm, agus ar an gcaoi sin tacú le 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin' a bhaint amach[2]. Trí nósanna imeachta a chuíchóiriú, bonn fianaise ár dtograí a neartú, agus trí chur i bhfeidhm docht phrionsabal na comhréireachta a áirithiú, is féidir leis an Aontas tacú lena chuspóirí beartais a bhaint amach, borradh a chur faoin iomaíochas, deimhneacht dhlíthiúil a threisiú, agus freagairtí níos tapúla agus níos éifeachtaí a thabhairt ar riachtanais phráinneacha. Agus na spriocanna sin á gcur san áireamh, tá bearta á dtabhairt isteach leis an Teachtaireacht chun reachtaíocht an Aontais a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr agus a fhorfheidhmiú níos tapúla ar fud na réimsí beartais uile. Leagfar béim straitéiseach ar leith ar rialacha an mhargaidh aonair a fhorfheidhmiú.

Ba cheart tionscnaimh nua de chuid an Aontais a bheith i gcomhréir le prionsabail maidir le rialáil níos fearr, lena n-áirítear 'simplíocht trí dhearadh'. Ba cheart measúnuithe tionchair ardcháilíochta a bheith ag gabháil leo agus ba cheart dóibh rannchuidiú le cuspóirí beartais an

---

[1] Ionchas Beartais Rialála ECFE 2025, https://www.oecd.org/content/dam/oecd/en/publications/reports/2025/04/oecd-regulatory-policy-outlook-2025_a754bf4c/56b60e39-en.pdf

[2] https://commission.europa.eu/document/5445de81-9481-4335-9902-9756159ba614_ga

Aontais ar an mbealach is éifeachtúla. Déanfar na bearta agus na prionsabail a leagtar amach sa Teachtaireacht seo a chur san áireamh sna treoirlínte agus sa bhosca uirlisí maidir le rialáil níos fearr agus cuirfear chun feidhme de réir a chéile iad, agus tosaíocht chúramach á tabhairt dá ghníomhaíochtaí. Dá réir sin, ba cheart athscrúdú a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana i gcás inar gá, chun a áirithiú go leanfaidh sí de bheith ábhartha agus chun comhleanúnachas a chothú ar fud píosaí gaolmhara reachtaíochta. Chuige sin, tá Plean Gníomhaíochta um Ghrinn-athbhreithniú Reachtaíochta ag gabháil leis an Teachtaireacht seo arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar 12 réimse tosaíochta.

D'iarr an Coimisiún tuairimí na bpáirtithe leasmhara maidir le rialáil níos fearr trí ghlao ar fhianaise[3]. Fuarthas thart ar 288 dtíolacthaí ó 27 dtír[4]. Ar an iomlán, measann páirtithe leasmhara go bhfuil uirlisí rialála níos fearr fíor-riachtanach do cháilíocht reachtóireacht an Aontais. Iarrann siad go ndéanfaí na huirlisí sin a neartú agus a nuachóiriú, le níos mó trédhearcachta, cuntasachta agus stóinseachta dlíthiúla.

### 1. SIMPLÍOCHT TRÍ DHEARADH

Chun margadh aonair níos comhtháite agus níos éifeachtúla a chruthú, is mian leis an gCoimisiún a áirithiú go seachnófar castacht agus ilroinnt rialála le tograí reachtacha nua. Tá simplíocht agus soiléireacht rialála i measc na bpríomhábhar imní a d'ardaigh páirtithe leasmhara sa ghlao ar fhianaise, a áitíonn nach mór simplíocht a ionchorprú i ndlíthe ó na céimeanna deartha is luaithe.

Tá togra 'simplí trí dhearadh' nuair is féidir leo siúd a ndéanann sé difear dóibh na nithe seo a leanas a thuiscint go héasca:

- cad é an sprioc atá ann,
- cé a chaithfidh céard a dhéanamh agus cathain,
- an chaoi a n-idirghníomhaíonn cearta agus oibleagáidí nua le cearta agus oibleagáidí atá ann cheana,
- conas a bhaintear comhlíonadh amach, agus
- cad a tharlaíonn mura gcomhlíontar na hoibleagáidí.

Ba cheart dlíthe a bheith soiléir chun a áirithiú gur féidir iad a chur chun feidhme go rianúil agus a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus go hintuartha, lena n-áirítear ag údaráis phoiblí agus ag na cúirteanna. Féachfaidh an Coimisiún le prionsabal 'simplíocht trí dhearadh' a chur i bhfeidhm maidir leis na tograí dlí atá le teacht uaidh agus iarrann sé ar Pharlaimint na hEorpa, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit cloí leis freisin agus a bhfreagrachtaí á bhfeidhmiú acu.

Tá roinnt gnéithe ag baint le 'simplíocht trí dhearadh':

#### Smacht rialála

Chun creat rialála níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chruthú, tá sé ríthábhachtach go mbeidh an Eoraip in ann tús áite a thabhairt do na dúshláin agus na rioscaí is práinní agus díriú

---

[3] Glao ar fhianaise, https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/16232-Teachtaireacht-maidir-le-rialail-nios-fearr_ga.

[4] Áirítear ar na freagróirí comhlachais ghnó (100), ENRanna (65), saoránaigh den Aontas (29), cuideachtaí (22), údaráis phoiblí (22), 'eile' (16), 'ceardchumainn' (12), 'institiúidí acadúla/taighde' (11) 'eagraíochtaí comhshaoil' (5), 'eagraíochtaí tomhaltóirí' (4), agus 'saoránaigh nach saoránaigh den Aontas iad' (2).

orthu. Is bealach é an smacht rialála chun a áirithiú go gcuirtear prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta i bhfeidhm go comhsheasmhach i ndlí an Aontais. Ar an mbealach sin, is féidir leis an Aontas a iarrachtaí agus a acmhainní a dhíriú ar réimsí ina bhfuil gá le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, ina dtugtar an breisluach is mó agus ina bhfuil sé comhréireach.

Ní mór dúinn smacht agus fócas a léiriú freisin agus rialacha cur chun feidhme á leagan síos againn, ionas nach mbeidh reachtaíocht an Aontais rófhada, róchasta agus róchostasach. I dtograí reachtacha atá ar na bacáin, ní fhéachfaidh an Coimisiún ach le cumhachtuithe dea-cheaptha a mholadh le haghaidh gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a bhfuil géarghá leo chun rialacha an Aontais nó oibleagáidí idirnáisiúnta a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Iarraimid freisin ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle an smacht céanna a chur i bhfeidhm ina leith sin, le linn an phróisis reachtaigh.

Chun an margadh aonair a dhoimhniú agus tarraingteacht an Aontais sa gheilleagar domhanda a neartú, tá sé ríthábhachtach an ionstraim dlí cheart agus an méid comhchuibhithe ceart a roghnú. Ní mór údar cuí a bheith le rogha an chineáil gnímh dhlíthiúil, bunaithe ar na Conarthaí agus ní mór cuspóir agus ábhar an ghnímh a chur san áireamh.[5]. I gcás dúshláin lena mbaineann gné láidir den Mhargadh Aonair agus i gcás ina bhfuil sé d’inniúlacht ag an Aontas é sin a dhéanamh, is féidir le húsáid níos córasaí a bhaint as rialacháin chuimsitheacha[6] teorainn a chur le hoibleagáidí breise agus le hilroinnt rialála, rud a d’fhéadfadh a bheith mar thoradh go háirithe ar rórialáil. Sna cásanna sin, ba cheart tús áite a thabhairt do chomhchuibhiú iomlán, cé is moite d’eisceachtaí lena n-éilítear réasúnú láidir.

**Rialáil oiriúnaitheach a sheasfaidh an aimsir**

Chun tacú leis an nuálaíocht agus leis an bhfás, ní mór do rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta solúbthacht leordhóthanach a sholáthar chun dul in oiriúint d’fhorbairtí amach anseo, i gcomhthéacs athruithe teicneolaíocha agus geopholaitiúla atá ag éirí níos gasta. Chuige sin, ní mór rialacha a dhearadh lena gcothófar nuálaíocht, lena n-ionchorprófar breithnithe réamhbhreathnaitheacha agus fadtéarmacha agus lena soláthrófar an deimhneacht dhlíthiúil agus an mhuinín is gá chun infheistíocht a dhéanamh sa mhargadh aonair agus chun oibriú ann. An tráth céanna, áiritheoidh an Coimisiún go ndéanfar na rialacha a athscrúdú agus a thabhairt cothrom le dáta i gcás inar gá chun iad a oiriúnú do dhálaí athraitheacha agus d’athruithe teicneolaíochta.

Bainfimid úsáid freisin as clásail éagtha nuair is iomchuí chun go rachaidh dlíthe as feidhm ar dháta sonraithe amach anseo. Nuair a úsáidtear iad in éineacht le clásail faireacháin agus mheastóireachta dhea-thráthúla, is féidir le clásail éagtha cuidiú le hiomadú rialacha agus ceanglas tuairiscithe nach bhfuil gá leo a chosc. Is féidir leo a áirithiú nach mbeidh dlíthe nach bhfuil ábhartha a thuilleadh fágtha ar na leabhair reachtanna. Déanfar an teanga a úsáidtear le haghaidh clásail éagtha, faireacháin agus mheastóireachta a chaighdeánú agus a chomhchuibhiú.

**Reachtaíocht níos barainní agus níos inrochtana**

[5] Le treoracha, ceanglaítear bearta trasuite agus tugtar níos mó solúbthachta do na Ballstáit maidir lena gcur chun feidhme, ach bíonn rialacháin infheidhme go díreach agus rialaíonn siad réimse gníomhaíochta, gan gá do na Ballstáit forálacha normatacha forleathana breise a ghlacadh.

[6] Is amhlaidh atá i gcás ina rialáiltear go huileghabhálach le rialacha an Aontais an t-ábhar atá faoi rialú an ghnímh agus ina bhfuil tacar iomlán forálacha iontu lena rialáiltear ar bhonn neamhspleách.

Thairis sin, tá sé fíor-riachtanach go mbeadh gach duine in ann a gcearta agus a n-oibleagáidí dlíthiúla a shainaithint ar bhealach níos éasca, chomh maith leis an amlíne ghaolmhar maidir le cur chun feidhme. Dá bhrí sin, cuirfidh an Coimisiún feabhas ar na hachoimrí ar an reachtaíocht atá ar fáil in EUR-Lex[7] chun cearta agus oibleagáidí a chur i láthair go soiléir agus chun aird a tharraingt ar oibleagáidí náisiúnta cur chun feidhme. Déanfaimid an méid seo a leanas freisin: (i) oibriú leis na hinstitiúidí eile chun rochtain ar dhlíthe an Aontais a dhéanamh níos éasca, lena n-áirítear iad a chur ar fáil i bhformaid meaisín-inléite; (ii) leaganacha níos comhdhlúite den reachtaíocht a chur ar fáil agus dlús a chur leis an obair sin, ionas gur féidir an príomhghníomh dlí agus na modhnuithe uile a rinneadh air ina dhiaidh sin a léamh in aon doiciméad amháin; agus (iii) an Spás Sonraí Dlíthiúla Eorpach a fhorbairt a thuilleadh chun rochtain éasca ar líne ar an reachtaíocht agus ar an gcásdlí is infheidhme atá cothrom le dáta a áirithiú ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát[8]. Agus ceanglais tuairiscithe á ndearadh aige, cuirfidh an Coimisiún prionsabal na haonuaire chun feidhme agus cinnteoidh sé go mbeidh na foinsí faisnéise inaitheanta go héasca.

Cuirfidh an Coimisiún caighdeáin fheabhsaithe i bhfeidhm maidir le dréachtú na n-aithrisí a chuirtear i láthair ag tús gach togra reachtaigh. Beidh siad níos dírithe ar an réasúnaíocht is bonn leis an ngníomh dlí agus ar an gcaoi a bhfuil sé le léirmhíniú a leagan amach, seachas athleagan a chur ar fhorálacha an ghnímh nó tagairt a dhéanamh do thionscnaimh nó do chuspóirí beartais neamhghaolmhara. Is féidir le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle rannchuidiú freisin le cuíchóiriú a dhéanamh ar aithrisí le linn an phróisis reachtaigh.

Chun comhsheasmhacht agus comhleanúnachas an chreata rialála a fheabhsú, bainfidh an Coimisiún úsáid as teicnící seanbhunaithe, amhail códú[9] agus athmhúnlú[10]. Sa dá chás, déantar gníomhartha atá ann cheana agus na gníomhartha leasaitheacha a ghabhann leo[11] a ionadú agus a aisghairm, rud a fhágann go mbíonn an creat dlíthiúil níos comhleanúnaí agus níos intuigthe, rud a fhágann go mbíonn sé níos éasca do na páirtithe leasmhara uile é a thuiscint agus a chur i bhfeidhm. Chun glacadh na dteicnící sin a éascú, tá sé fíor-riachtanach, áfach, go n-urramóidh na comhreachtóirí a ngealltanas gan gnéithe eile den reachtaíocht a athoscailt.

Chun go mbeidh creat dlíthiúil comhleanúnach agus níos barainní ann, tá gá freisin le gaol soiléir idir dlíthe agus le forluí agus forálacha iomarcacha a dhíothú. Le dlíthe nó forálacha a bhfuil feidhm acu maidir le hearnálacha nó gníomhaíochtaí sonracha, ba cheart dlíthe nó forálacha a bhfuil feidhm níos ginearálta acu a chomhlánú nó a ionadú seachas iad a mhacasamhlú. Ar an gcuma chéanna, ba cheart do rialacha nua aghaidh a thabhairt ar fhíorbhearnaí rialála seachas an reachtaíocht atá ann cheana a athshonrú. Ba cheart

[7] Soláthraíonn EUR-Lex rochtain ar dhlí an Aontais, lena n-áirítear ar Iris Oifigiúil bharántúil an Aontais Eorpaigh, leaganacha comhdhlúite de ghníomhartha dlí an Aontais (téacsanna gan éifeacht dhlíthiúil), achoimrí ar reachtaíocht agus ar chásdlí. Is stóras cuimsitheach ar líne é de dhlí an Aontais agus de dhoiciméid ghaolmhara, rud a chuireann é ar a gcumas d'úsáideoirí doiciméid a chuardach, a bhrabhsáil agus a íoslódáil, agus dul chun cinn na dtograí reachtacha a rianú.

[8] Teachtaireacht ón gCoimisiún 'CeartasDigiteach@2030', COM(2025) 802

[9] Comhaontú Idirinstitiúideach an 20 Nollaig 1994 - Modh oibre luathaithe chun téacsanna reachtacha a chódú go hoifigiúil, IO L 102, lch. 2, EUR-Lex - 31996Y0404(02) - GA - EUR-Lex

[10] Comhaontú Idirinstitiúideach an 28 Samhain 2001 maidir le húsáid níos struchtúrtha theicníocht an athmhúnlaithe do ghníomhartha reachtacha, IO C 77, lch. 1, EUR-Lex - 32002Q0328 - GA - EUR-Lex

[11] I gcás códú *ingearach*, tugtar gníomh agus a leasuithe le chéile i ngníomh nua; i gcás códú *cothrománach*, déantar na bunghníomhartha lena gcumhdaítear ábhair ghaolmhara agus na leasuithe orthu a thabhairt le chéile i ngníomh nua. Níl leasuithe substainteacha i gceist le ceachtar den dá chás. I gcás *athmhúnluithe*, áirítear i ngníomh reachtach nua leasuithe substainteacha agus forálacha gan athrú i dtéacs aonair.

comhsheasmhacht, soiléireacht agus comhleanúnachas iomlán a áirithiú idir forálacha nua agus forálacha atá ann cheana.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear na prionsabail sin i bhfeidhm agus tograí beartais nua á n-ullmhú aige, agus déanfaidh sé iarracht freisin athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha dlí atá ann cheana i bpríomhréimsí ina bhfuil ilroinnt rialála tar éis éirí an-fhorleathan, ag tosú leis na réimsí sin a leagtar amach sa Plean Gníomhaíochta um Ghrinn-athbhreithniú Reachtaíochta a ghabhann leis an Teachtaireacht seo.

**Spriocdhátaí réalaíocha don trasuí agus don chur chun feidhme**

Teastaíonn am ó dhaoine, ó ghnólachtaí agus ó rialtais chun ullmhú do rialacha nua agus chun tuiscint a fháil ar conas iad a chomhlíonadh. Sa ghlao ar fhianaise, d'áitigh páirtithe leasmhara gur cheart dlíthe a dhearadh ón tús agus cur chun feidhme á chur san áireamh. Ábhar imní an-tábhachtach a ardaíodh sa chomhthéacs sin ba ea saincheist na n-idirthréimhsí agus na dtréimhsí cur chun feidhme nach féidir ullmhúchán leordhóthanach a dhéanamh ina leith.

Tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar a áirithiú go ndéanfar an reachtaíocht a dhearadh agus aird á tabhairt ar an gcur chun feidhme ón tús. Cuirfidh sé an prionsabal 'tús áite d'fhiontair bheaga' i bhfeidhm, agus riachtanais agus cumais ghnólachtaí beaga agus meánmhéide á gcur san áireamh[12].

Cuirfidh an Coimisiún dlús freisin leis na hiarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh spriocdhátaí trasuite agus cur chun feidhme indéanta agus inchreidte, bunaithe ar mheastacháin réalaíocha ar an am is gá chun bearta cur chun feidhme agus uirlisí digiteacha a fhorbairt, agus chun am leordhóthanach a thabhairt do ghnólachtaí agus d'údaráis náisiúnta oiriúnú a dhéanamh. Cuirfear san áireamh go sistéamach, agus reachtaíocht nua á moladh, clásail mharthanachta, tréimhsí cairde, agus forálacha lena dtuartar go ndéanfar móroibleagáidí a thástáil agus a chéimniú isteach de réir a chéile. Iarrann an Coimisiún ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle aird ar leith a thabhairt go cothrom ar an ábhar sin le linn an phróisis reachtaigh.

**Leas a bhaint as an dul chun cinn teicneolaíoch**

Le ceapadh beartas atá réidh don digitiú, is féidir gnéithe digiteacha tionscnaimh reachtaigh a shainaithint ó na luathchéimeanna pleanála agus déantar a mbreithniú córasach a chomhtháthú i ndearadh beartas. Rannchuidíonn an cur chuige struchtúrtha sin le *acquis* níos comhleanúnaí, le cur chun feidhme digiteach beartas níos rianúla, agus le dul chun cinn maidir le hualaí riaracháin a laghdú[13]. Anuas air sin, is féidir le teicneolaíochtaí úrscothacha, lena n-áirítear an intleacht shaorga, cuidiú le feabhas a chur ar cháilíocht na ndlíthe agus neamhréireachtaí rialála ar fud téacsanna dlí a laghdú.

Sa chomhthéacs sin, tá uirlis nua TF á forbairt ag an gCoimisiún a chuideoidh le dlíthe an Aontais a bhainistiú agus rialacha a chur chun feidhme ar bhealach níos éasca, agus forluí, bearnaí agus castacht nach bhfuil gá léi a shainaithint. I gcomhthreo, cuirfear tuilleadh feabhais

[12] Ba cheart go mbainfeadh FBManna tairbhe as díolúintí ó oibleagáidí i gcás inar beag an riosca rialála a bhaineann leo agus ba cheart rochtain a bheith acu ar bhearta tacaíochta i gcás inar gá dóibh rialacha atá costasach nó a bhfuil léirmhíniú ag teastáil ina leith a chomhlíonadh. Ba cheart sainiúlachtaí cuideachtaí meánchaipitlithe beaga a chur san áireamh freisin i gcás inarb ábhartha.

[13] Faoin gcreat beartais atá réidh don digitiú, tá Ráiteas Reachtach Airgeadais agus Digiteach ag gabháil le tograí reachtacha a bhfuil tionchar digiteach acu, https://interoperable-europe.ec.europa.eu/collection/digital-ready-policymaking/digital-ready-policymaking-dprm-framework.

ar uirlis dréachtaithe dhlíthiúil leictreonach an Aontais – EdiT – chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a áirithiú sna dlíthe atá beartaithe againn. Leis na gníomhaíochtaí sin, beidh sé níos éasca dlíthe a ullmhú, inrochtaineacht agus intuarthacht a fheabhsú, agus ar an gcaoi sin, tacú le tosaíochtaí amhail an t-ualach riaracháin a laghdú. Éascóidh clásail chaighdeánacha, lena n-áirítear forálacha atá fabhrach do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, dréachtú agus comhsheasmhacht dhlíthiúil.

Is bealach eile iad oiliúint agus treoraíocht chun cáilíocht dhlíthiúil ár dtograí a áirithiú agus chun a áirithiú go mbeidh an prionsabal 'simplíocht trí dhearadh' fréamhaithe go maith sa timthriall beartais. Chuige sin, déanfaidh an Coimisiún infheistíocht chun saineolas inmheánach speisialaithe maidir le dréachtú dlíthiúil a chur chun cinn, trí chláir oiliúna shainordaitheacha agus trí threoir nuashonraithe maidir le dréachtú dlíthiúil. Cuirfidh líonra comhfhreagraithe um cháilíocht dhlíthiúil dea-chleachtais agus cur i bhfeidhm na bprionsabal sin chun cinn.

**Forfheidhmiú trí dhearadh**

Beidh oibleagáidí níos soiléire agus níos inrochtana ar na Ballstáit agus ar ghnólachtaí mar thoradh ar 'simplíocht trí dhearadh', rud a éascóidh comhlíonadh ón tús. Ba cheart é a bheith éasca rialacha an Aontais a chur chun feidhme, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a fhorfheidhmiú agus ba cheart é a bheith deacair mí-úsáid a bhaint astu nó dul timpeall orthu. Is éard atá i gceist leis sin sásraí forfheidhmiúcháin a mheas ón tús agus reachtaíocht an Aontais á táirgeadh. Is féidir le huirlisí faireacháin agus forfheidhmithe leabaithe a bheith luachmhar do gach cineál gnímh dlí, ach tá siad ábhartha go háirithe do rialacháin, atá infheidhme go díreach. Beidh na sásraí atá le cur san áireamh éagsúil, ach is roghanna iad na forálacha seo a leanas ar léiríodh gur chuidigh siad ina gcomhthéacs áirithe:

- údaráis forfheidhmithe náisiúnta a ainmniú agus a gcumhachtaí forfheidhmiúcháin a leagan amach, b'fhéidir in éineacht le leibhéal leordhóthanach comhchuibhithe smachtbhannaí;
- cumhachtaí láidre aimsithe fíoras don Choimisiún i réimsí áirithe;
- sásraí láidre réamhfhógra[14] le haghaidh dréachtreachtaíocht náisiúnta, agus measúnú comhoiriúnachta ceangailteach ón gCoimisiún ionas go gcuirfear deireadh le saincheisteanna sainaitheanta sula nglacfar na bearta náisiúnta.

Ag brath ar imthosca gach togra, breithneoidh an Coimisiún an bhféadfadh breisluach a bheith ag baint leis na cineálacha sin forálacha 'forfheidhmiú trí dhearadh' agus an úsáidfidh sé iad de réir mar is iomchuí. An tráth céanna, féachfaidh an Coimisiún le haon ualach ar na Ballstáit agus dó féin a íoslaghdú, laistigh de na srianta buiséadacha atá ann faoi láthair, atá mar thoradh ar shocruithe den sórt sin.

**<u>Príomhghníomhaíochtaí</u>**

- Béim níos mó a leagan ar phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta mar chuid den **smacht rialála**, lena n-áirítear ar chumhachtuithe le haghaidh gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme.

[14] Tagraíonn sé sin do réimsí agus do bhearta náisiúnta nach gcumhdaítear le sásraí fógra atá ann cheana amhail na sásraí sin a bunaíodh leis an Treoir maidir le Trédhearcacht an Mhargaidh Aonair agus leis an Treoir um Sheirbhísí.

- Tosaíocht a thabhairt **do rialacháin uileghabhálacha agus do chomhchuibhiú iomlán** agus ábhair a bhaineann leis an margadh aonair á rialáil, i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí ó thaobh an dlí de.

- Clásail faireacháin agus mheastóireachta thráthrialta agus thráthúla, agus úsáid níos minice a bhaint as **clásail éagtha** i gcás inarb iomchuí, chun reachtaíocht a choinneáil freagrúil d’fhorbairtí nua.

- Úsáid níos mó a bhaint as teicnící **athmhúnlaithe agus códaithe** agus **comhsheasmhacht idir reachtaíocht earnála agus reachtaíocht ghinearálta** a áirithiú agus idir **gníomhartha dlí atá ann cheana agus gníomhartha dlí nua**.

- **Téarmaí agus forálacha caighdeánacha** dea-chleachtais a shainaithint, le foclaíocht chaighdeánach comhaontaithe idir institiúidí nuair is féidir, agus **aithrisí níos dírithe**.

- **Amlínte réalaíocha trasuite agus cur chun feidhme** a leagan síos agus **machnamh córasach a dhéanamh ar bhearta** amhail clásail mharthanachta nó céimniú isteach de réir a chéile chun cur chun feidhme a éascú.

- **Uirlisí digiteacha** a fhorbairt agus a úsáid a thuilleadh, amhail uirlis dréachtaithe leictreonach EdiT, uirlis nua bainistithe *acquis*, agus an pointe rochtana ar dhlí an Aontais, EUR-Lex, a fheabhsú a thuilleadh an tráth céanna, agus an Spás Sonraí Dlíthiúla Eorpach a fhorbairt a thuilleadh.

- **Líonra comhfhreagraithe cáilíochta dlíthiúla** a chur ar bun ar fud an Choimisiúin agus **oiliúint shainordaitheach a thabhairt isteach le haghaidh dréachtóirí dlí** bunaithe ar **threoraíocht** nuashonraithe.

- **Sásraí faireacháin agus forfheidhmithe** níos láidre i ngníomhartha dlí an Aontais chun **forfheidhmiú trí dhearadh** a áirithiú, lena n-áirítear neamh-chomhoiriúnachtaí le dlí an Aontais a chosc ag céim luath trí shásraí réamhfhógra.

## 2. TUILLEADH FEABHAIS A CHUR AR ÁR GCREAT MAIDIR LE RIALÁIL NÍOS FEARR

Ní mór do chreat rialála an Aontais freagairt go pras do dhúshláin an lae inniu, lena n-áirítear borradh a chur faoin rathúnas agus faoin iomaíochas, aghaidh a thabhairt ar ábhair shóisialta, chomhshaoil agus gheopholaitiúla. Chuige sin, tá gá le fócas níos mó chomh maith le níos mó lúfaireachta, déine, soiléireachta agus intuarthachta.

Aithnítear go forleathan gur tagarmharc idirnáisiúnta é córas an Choimisiúin um rialáil níos fearr – lena rialáiltear measúnuithe tionchair, comhairliúcháin agus meastóireachtaí – dá ardchaighdeán. Tugtar isteach leis an Teachtaireacht seo feabhsuithe spriocdhírithe chun a áirithiú gur féidir léi freagairt ar bhealach níos éifeachtaí do raon níos leithne cásanna. Is é is aidhm do na hathruithe sin líon agus ábharthacht na measúnuithe tionchair a mhéadú, an bonn fianaise is láidre is féidir a dhaingniú nuair a bhíonn práinn le gníomhaíocht reachtach, agus seicheamhú comhairliúchán a chuíchóiriú. Beidh an cur chuige nua sin éifeachtach láithreach

ach cuirfear chun feidhme de réir a chéile é go dtí go ndéanfar athbhreithniú ar na treoirlínte agus ar an mbosca uirlisí.

**Measúnuithe tionchair níos mó agus níos dírithe**

Sa chéad bhliain dá shainordú, ghníomhaigh an Coimisiún go tapa agus go diongbháilte chun aghaidh a thabhairt dhúshláin gheopholaitiúla agus eacnamaíocha, ar chuid de na dúshláin is déine le blianta fada anuas iad. Is éard a bhí i gceist leis sin tionscnaimh reachtacha a ghlacadh trí nósanna imeachta práinne, lena n-áirítear roinnt tograí simpliúcháin[15]. Cé go bhféadfadh sé go mbeadh gá fós le maoluithe ar chaighdeáin áirithe maidir le rialáil níos fearr i gcásanna fíorphráinne, cuirfidh na hathruithe a leagtar amach sa Teachtaireacht seo ar chumas an Choimisiúin tuilleadh tionscnamh a bheith aige a mbeidh measúnú tionchair ag gabháil leo[16].

Chun go mbeifear in ann é sin a dhéanamh, beidh gá le breithnithe comhréireachta a chur i bhfeidhm ar bhealach níos déine agus níos struchtúrtha. Díreoidh measúnuithe tionchair ar na nithe is tábhachtaí, is é sin ar phríomhthionchair eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil an togra lena mbaineann. Thairis sin, le cur chuige níos saincheaptha, déanfar idirdhealú idir mórthionscnaimh reachtacha nua nó athbhreithnithe ar thaobh amháin, agus tionscnaimh níos spriocdhírithe[17] ar an taobh eile. Bunófar le cur chuige den sórt sin an fhianaise agus an anailís is gá de réir chineál na dtionscnamh agus na dtionchar a mheastar a bheidh acu, lena n-áirítear tionchair sheachtracha a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás inarb ábhartha.

Déanfar an cur chuige sin a chur san áireamh i dteimpléid athbhreithnithe le haghaidh measúnuithe tionchair agus meastóireachtaí. Áireofar orthu 'maitrís príomhthionchar' a fhorbairt ón tús chun díriú níos fearr ar thionchair atá suntasach agus ábhartha do gach togra aonair. Ar an mbealach sin, beimid in ann na príomhthionchair agus na gnéithe fíor-riachtanacha a bhfuil anailís le déanamh orthu a shainaithint, agus ar an gcaoi sin fócas an mheasúnaithe tionchair a shainmhíniú agus raon feidhme agus doimhneacht na hanailíse a chinneadh. Beidh breithniú na gcostas agus na dtairbhí fós ina chuid lárnach den anailís níos dírithe agus níos gonta sin, agus beidh ról lárnach ag figiúirí, sonraí agus staitisticí, i gcás ina mbeidh siad ar fáil. A mhéid is féidir, féachfaidh an Coimisiún leis na spriocanna sin a bhaint amach agus an úsáid is fearr is féidir á baint as a acmhainní inmheánacha, as a chumas agus as a shaineolas féin aige.

Mar thoradh ar an gcur chuige níos déine sin, déanfaidh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála a rialúchán cáilíochta ar raon níos leithne measúnuithe a thacaíonn le tograí beartais. Leis an ngrinnscrúdú leathnaithe sin, a dtacaíonn páirtithe leasmhara go forleathan leis, cuirfear san áireamh freisin cineál agus tábhacht thionchair gach togra. I gcás mórthograí, leanfaidh an Bord de thuairimí choinníollacha a eisiúint[18] agus i gcás tionscnaimh eile níos spriocdhírithe, eiseoidh sé moltaí maidir le feabhsúchán a chuirfear in iúl ar bhealach trédhearcach agus a chuirfear san áireamh go cuí. Mar thoradh air sin, cuirfear feabhas ar cháilíocht na fianaise le haghaidh tograí nach ndéanann an Bord grinnscrúdú orthu faoi láthair.

---

[15] Áiríodh orthu sin reachtaíocht Omnibus, ar gníomh reachtach aonair é lena leasaítear dlíthe iomadúla.

[16] Ní gá measúnú tionchair a dhéanamh i gcás gach togra reachtaigh, bosca uirlisí um rialáil níos fearr, UIRLIS #7. Cad is measúnú tionchair ann agus cén uair a bhíonn gá le ceann, https://commission.europa.eu/law/law-making-process/better-regulation/better-regulation-guidelines-and-toolbox/better-regulation-toolbox_ga.

[17] Is éard is tionscnaimh spriocdhírithe ann tionscnaimh nach n-athraíonn cuspóirí beartais na reachtaíochta atá ann cheana go suntasach agus lena moltar athruithe arb é is aidhm dóibh den chuid is mó a héifeachtacht agus a héifeachtúlacht a bharrfheabhsú.

[18] i.e. tuairim dhearfach, tuairim dhearfach le hagúis, tuairim dhiúltach.

**Íoscheanglais maidir le conairí brostaithe**

Tagann cás práinne chun cinn ina bhfuil gá le gníomhaíocht thapa ón Aontas chun díobháil mhór a sheachaint, oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh nó deis uathúil a thapú. Tá moltaí[19] eisithe ag an Ombudsman Eorpach maidir leis an gcaoi a dtacaíonn an Coimisiún le tograí práinneacha le fianaise. D’ardaigh freagróirí an ghlao ar fhianaise úsáid nósanna imeachta práinne freisin. Cé go n-aithníonn freagróirí go bhféadfadh gá a bheith le nósanna imeachta brostaithe i gcás fíoréigeandálaí, ba cheart comhairliúchán agus measúnú a dhéanamh fós, a mhéid is féidir.

Mar fhreagairt ar mholtaí an Ombudsman Eorpaigh agus ar ábhair imní na bpáirtithe leasmhara, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar íogaireacht ama gach cáis agus ar na hiarmhairtí díobhálacha a d’fhéadfadh a bheith ag gníomhaíocht mhoillithe chun idirdhealú a dhéanamh idir práinn agus gnáth-sheiftiúlacht. Agus é sin á dhéanamh aige, breithneoidh sé paraiméadair amhail an méid seo a leanas:

- suaití nó géarchéimeanna a bheith ann nó iad a thuar, lena n-áirítear i gcaidreamh seachtrach an Aontais;
- na hiarmhairtí a d’fhéadfadh a bheith ann in éagmais gníomhaíocht láithreach;
- spriocdhátaí dlíthiúla; agus
- comhthéacs polaitiúil a chruthaíonn gá le gníomhaíocht phráinneach.

Fiú i gcásanna práinne, déanfaidh an Coimisiún a dhícheall an bonn fianaise is fearr is féidir a bhaint amach. I gcás inarb indéanta, ullmhóidh an Coimisiún measúnú tionchair le haghaidh tionscnaimh phráinneacha a bhfuil coinne leis go mbeidh tionchair mhóra acu. Beidh an measúnú sin faoi réir athbhreithnithe ag an mBord um Ghrinnscrúdú Rialála ansin. Tabharfaidh an Bord cuntas ar na hamlínte is gá agus eiseoidh sé moltaí lena gcuirfear bonn eolais faoin bpróiseas cinnteoireachta, lena n-áiritheofar go dtairbheoidh an togra dá ghrinnscrúdú, agus na srianta a fhorchuirtear leis an ngá atá le gníomhú go práinneach á n-aithint an tráth céanna.

Chun rannpháirtíocht fhiúntach na bpáirtithe leasmhara a choinneáil ar bun faoin nós imeachta brostaithe, rachaidh an Coimisiún, i bprionsabal, i gcomhairle leis an bpobal i bhfoirm glao ar fhianaise. Soláthróidh sé sin deis do ghnólachtaí, do shaoránaigh, don tsochaí shibhialta, d’údaráis phoiblí agus do pháirtithe leasmhara eile rannchuidiú leis an tionscnamh a mhúnlú. Féadfar comhairliúcháin spriocdhírithe a dhéanamh le páirtithe leasmhara éagsúla freisin, lena bhféadfaí idirphlé maidir le cur chun feidhme nó seiceálacha réadúlachta a áireamh, chun léargais phraiticiúla a bhailiú agus chun a áirithiú go mbeidh na bearta atá beartaithe éifeachtach, éifeachtúil agus gur féidir iad a chur chun feidhme.

In imthosca eisceachtúla, i gcás ina bhfuil an gá le gníomhaíocht phráinneach chomh géar sin nach mór tograí a ghlacadh laistigh de thréimhse ama atá thar a bheith comhbhrúite, féadfaidh an Coimisinéir atá freagrach as rialáil níos fearr maoluithe ar na gnáthchaighdeáin ghnásúla a shonraítear thuas a dheonú. Ní chuirfear iad sin san áireamh ach amháin i gcás ina léirítear an phráinn ar leith go soiléir.

In imthosca eisceachtúla den sórt sin, áiritheoidh an Coimisiún go n-ullmhófar doiciméad inmheánach oibre anailíseach a bheidh ag gabháil leis an togra nó go bhfoilseofar é a luaithe is

[19] Moltaí comhpháirteacha maidir le fiosrúcháin 983/2025/MAS, 2031/2024/VB agus 1379/2024/MIK

féidir, tráth nach déanaí ná 3 mhí tar éis ghlacadh an togra. Áireofar an méid seo a leanas ar a laghad sa doiciméad sin:

- sainmhíniú ar an bhfadhb;
- an cur chuige a sainaithníodh chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb;
- measúnú ar phríomhthionchair an togra, lena n-áirítear anailís costais is tairbhe agus measúnú ar chomhsheasmhacht aeráide.

Déanfar an measúnú práinne agus gach maolú a dhoiciméadú go cuí, a thaifeadadh ar bhealach trédhearcach agus a thuairisciú i meabhráin mhíniúcháin na dtograí. Leis an gcur chuige sin, baintear cothromaíocht chúramach amach idir an gá atá le gníomhaíocht phráinneach agus an gá atá lena áirithiú go mbeidh caighdeáin maidir le rialáil níos fearr chomh hard agus is féidir i ngach uile chás.

**Córas comhairliúcháin níos cliste agus níos solúbtha**

Tá córas comhairliúcháin an Choimisiúin cuimsitheach agus moltar go forleathan é – tá an scór is airde aige go córasach i gcéimeanna tosaíochta ECFE[20]. Leathnaíodh raon na n-uirlisí comhairliúcháin a thuilleadh le déanaí trí idirphlé maidir le cur chun feidhme nó seiceálacha réadúlachta a chur leis[21]. Cé go bhfuil córas comhairliúcháin an Choimisiúin an-fheidhmiúil, tá ábhair imní curtha in iúl ag páirtithe leasmhara maidir le fad na gcomhairliúchán, comhairliúcháin fhorluiteacha, iarrataí atriallacha ar fhaisnéis agus aiseolas neamhleordhóthanach.

Chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní sin, déanfaidh an Coimisiún na hionstraimí comhairliúcháin éagsúla a chomhtháthú ar bhealach níos fearr, dúbailt a sheachaint agus leanúint d'inrochtaineacht uasta a áirithiú do na saoránaigh agus do na páirtithe leasmhara uile. Cé go bhfónann gach ionstraim chomhairliúcháin do chuspóir agus go bhféadfadh sí aghaidh a thabhairt ar phobal meáin atá beagán éagsúil, níor cheart go mbeadh glaonna atriallacha ar an ionchur céanna ó na páirtithe leasmhara céanna mar thoradh ar an réimse ionstraimí atá ar fáil don Choimisiún.

Déanfaimid ár ndícheall gan dul i gcomhairle leis an bpobal maidir le haon tionscnamh faoi leith ach aon uair amháin, trí ghlao ar fhianaise nó trí cheistneoir a úsáid, arna chomhlánú más gá le comhairliúcháin spriocdhírithe, ag lorg tuairimí agus ionchuir éagsúla agus rannpháirtíocht tacar éagsúil páirtithe leasmhara ábhartha. Le doiciméad cuíchóirithe um ghlao ar fhianaise, díreofar an fhaisnéis a iarrtar ar phríomhghnéithe ionas gur féidir le páirtithe leasmhara rannchuidithe fiúntacha a sholáthar ar bhealach níos éasca.

Déanfar uainiú foriomlán na gcomhairliúchán a bharrfheabhsú freisin. Mar a d'iarr go leor páirtithe leasmhara, seachnóidh an Coimisiún, aon uair is féidir, na príomhthréimhsí saoire a chomhaireamh mar chuid den am comhairliúcháin foriomlán. Nuair a dhéantar comhairliúcháin phoiblí agus/nó spriocdhírithe eile le haghaidh an tionscnaimh chéanna,

[20] Réamhaisnéis ECFE maidir le Beartais Rialála 2025, féach Fíoracha 2.1 agus 2.2 maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara i bhforbairt dlíthe príomhúla agus fo-rialachán,https://www.oecd.org/content/dam/oecd/en/publications/reports/2025/04/oecd-regulatory-policy-outlook-2025_a754bf4c/56b60e39-en.pdf.

[21] Bhí ról rathúil ag na huirlisí sin i gclár oibre simpliúcháin an Choimisiúin, rud a rannchuidigh le tástáil struis a dhéanamh ar an reachtaíocht atá ann cheana agus le omnibus agus tograí simpliúcháin eile a ullmhú freisin.

féadfar an tréimhse ama chaighdeánach 12 sheachtain le haghaidh ceistneoirí comhairliúcháin phoiblí a laghdú suas le 6 seachtaine.

Cuirfidh an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go díreach freisin nuair a bheidh achoimre ar na freagairtí ar na comhairliúcháin ar fáil ar an tairseach 'Cloisimis Uait'. Cuirfidh sásra fógra uathoibrithe den sórt sin feabhas ar an trédhearcacht agus cuirfidh sé ar a gcumas do rannpháirtithe rochtain éasca a fháil ar thorthaí an chomhairliúcháin.

Ina theannta sin, beidh Coistí Comhairleacha agus a líonraí, amhail Líonra na Mol Réigiúnach, rannpháirteach ar bhealach níos fearr i ngníomhaíochtaí comhairliúcháin, trína rannpháirtíocht a éascú agus trí aiseolas a sholáthar maidir lena n-ionchur.

**Measúnú a dhéanamh ar leasuithe suntasacha**

Le linn an phróisis reachtaigh, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle leasuithe substaintiúla a dhéanamh ar na tograí bunaidh ón gCoimisiún. Sa chleachtas, ní dhéanann na hinstitiúidí a mholann na leasuithe sin measúnú ar a dtionchar, d'ainneoin a ngealltanais é sin a dhéanamh 'nuair a mheasann siad gurb iomchuí agus gur gá é sin le haghaidh an phróisis reachtaigh'[22]. Gan na measúnuithe sin, éiríonn an anailís ar na tionchair a mheastar a bheidh ag dlí neamhiomlán agus d'fhéadfadh sí a bheith míthreorach, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le hualaí níos airde nó deacrachtaí gan choinne maidir le reachtaíocht a chur chun feidhme.

Chun feabhas a chur ar an staid sin, tá cur chuige comhleanúnach, pragmatach agus comhoibríoch á mholadh ag an gCoimisiún, bunaithe ar thrí snáithe le haghaidh obair chomhchoiteann i measc na n-institiúidí.

Ar an gcéad dul síos, ba cheart do na hinstitiúidí oibriú i dtreo comhthuiscint ar a bhfuil i gceist le leasú substaintiúil. D'fhéadfaí a áireamh ar shamplaí de leasú substaintiúil raon feidhme togra a leathnú chun micrifhiontair nó FBManna a chumhdach, nó bearta ar dócha go mbeidh costais chomhlíontachta bhreise mar thoradh orthu, ceanglais tuairiscithe nua le haghaidh gnólachtaí nó riarachán, nó caiteachas poiblí breise. Chuirfeadh tacar comhpháirteach paraiméadar ar a cumas do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle a gcuid leasuithe substainteacha a shainaithint agus a mheasúnú.

Ar an dara dul síos, a luaithe a shainaithnítear leasú substaintiúil, sholáthródh an institiúid a chuireann ar aghaidh é measúnú ar thionchair agus dhéanfadh sí costais nó coigilteas a chainníochtú trí mhodh simplí ríofa costais a úsáid. I gcás costais nó coigiltis riaracháin, d'fhágfadh 'samhail chostais chaighdeánach' go mbeadh sé níos éasca na costais agus na coigiltis sin a ríomh agus a thuairisciú.

Ar deireadh, d'fhéadfaí tionchair na leasuithe substaintiúla sin a chur i láthair i dteimpléad achomair. D'áireofaí leis sin eilimintí amhail tuairisc ghinearálta, costais agus tairbhí breise a bhfuil coinne leo, páirtithe leasmhara a ndéantar difear dóibh, tionchar ar iomaíochas agus ar nuálaíocht.

[22] Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le rialáil níos fearr, IO L 123, lch. 1, EUR-Lex - 32016Q0512(01) - GA - EUR-Lex. Cé go ndearna Parlaimint na hEorpa roinnt measúnuithe den sórt sin roimhe seo, ní hamhlaidh atá a thuilleadh. Ar an taobh eile, ní dhearna an Chomhairle amhlaidh riamh.

**Príomhghníomhaíochtaí**

- **Raon níos leithne tionscnamh** a bhfuil tionchair mhóra acu, a mbeidh **measúnú tionchair** ag gabháil leo agus a ndéanfaidh an **Bord um Ghrinnscrúdú Rialála** grinnscrúdú orthu.
- **Measúnuithe tionchair níos dírithe**, bunaithe ar **mhaitrís tosaigh príomhthionchar** agus ar chur chuige níos **comhréirí**.
- **Íoscheanglais** maidir le **tionscnaimh phráinneacha** faoi **chonairí brostaithe**.
- **Glao simplithe ar fhianaise** chun díriú ar fhaisnéis bhunriachtanach le haghaidh páirtithe leasmhara.
- **Amlínte comhairliúcháin** barrfheabhsaithe agus níos solúbtha, agus **tréimhsí saoire** á gcur san áireamh.
- **Uirlisí comhairliúcháin** éagsúla a chur in úsáid ar bhealach **níos comhtháite** agus **níos solúbtha** chun tuirse chomhairliúcháin a sheachaint agus chun rochtain a fháil ar réimse leathan tuairimí agus ionchur.
- **Fógra** uathoibrithe díreach a thabhairt do fhreagróirí maidir le hachoimrí comhairliúcháin.
- Na **treoirlínte maidir le rialáil níos fearr** agus na **teimpléid don mheasúnú tionchair agus don mheastóireacht** a thabhairt cothrom le dáta chun na feabhsuithe sin a léiriú.
- Leanúint den obair leis na comhreachtóirí chun **modheolaíocht choiteann** a fhorbairt agus a chur chun feidhme ionas **go ndéanfaidh gach institiúid measúnú ar a leasuithe substaintiúla.**

## 3. Grinn-athbhreithniú Reachtaíochta

Tá corpas dhlí an Aontais tar éis fás le himeacht ama. Freagraíonn sé sin do fhreagrachtaí méadaitheacha an Aontais agus na saincheisteanna atá ag éirí níos déine agus níos casta a n-iarrtar air aghaidh a thabhairt orthu. In go leor cásanna, tá reachtaíocht an Aontais ag teacht in ionad 27 sraith éagsúla rialacha náisiúnta. Mar sin féin, d’fhéadfadh castacht nach bhfuil gá léi, ualaí rialála atriallacha agus neamhréireachtaí a d’fhéadfadh a bheith ann a bheith mar thoradh ar fhíormhéid agus ar dhlús dhlí an Aontais, agus ar an idirghníomhaíocht idir reachtaíocht an Aontais agus an dlí náisiúnta. Tá carnadh rialacha ina shaincheist anois ar fud fhormhór na ndlínsí forbartha[23].

D’áitigh páirtithe leasmhara go comhsheasmhach, lena n-áirítear sa ghlao ar fhianaise, nach mór iarrachtaí simpliúcháin a leathnú chun athbhreithniú agus comhdhlúthú a dhéanamh ar na bearta atá ann cheana. Cé go bhfuil reachtaíocht nua fós fíor-riachtanach chun aghaidh a

[23] Réamhaisnéis Eacnamaíoch ECFE, https://www.oecd.org/en/publications/oecd-economic-outlook-volume-2025-issue-2_9f653ca1-en.html

thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn agus chun ár rialacha a thabhairt cothrom le dáta, tá sé chomh tábhachtach céanna an stoc rialacha atá ann cheana a bhainistiú chun feabhas a chur ar a shoiléireacht, a chomhsheasmhacht agus a chomhleanúnachas.

In 2025, mhol an Coimisiún bearta forleathana simpliúcháin, ag cur lena Theachtaireacht le haghaidh Eoraip níos simplí agus níos tapúla[24]. Ba cheart coigilteas costais athfhillteach EUR 15 bhilliún ar a laghad do ghnólachtaí agus do riaracháin a bheith mar thoradh ar 10 bpacáiste omnibus agus ar thograí simpliúcháin eile, a luaithe a ghlacfaidh comhreachtóirí iad. Tá an móiminteam sin á choinneáil ar bun, agus tá roinnt tograí omnibus nua á bhforbairt agus tá bearta simpliúcháin breise ar siúl. Rannchuideoidh níos mó ná leath de na tionscnaimh reachtacha i gclár oibre 2026 an Choimisiúin le dlí an Aontais a dhéanamh níos éadroime, níos soiléire agus níos éasca a chur chun feidhme[25].

Ina theannta sin, mar thoradh ar athbhreithniú ar ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, baineadh tosaíocht de thart ar 30 % de na gníomhartha atá beartaithe do 2026. Cuideoidh sé sin lena áirithiú go mbainfidh reachtaíocht thánaisteach a cuspóirí amach, go leanfaidh sí de bheith comhréireach agus go ndíreoidh sí ar réimsí ina soláthraítear an breisluach is mó le gníomhaíocht an Aontais.

**Plean Gníomhaíochta um Ghrinn-athbhreithniú Reachtaíochta**

Tá gach Comhalta den Choláiste freagrach as scagadh cuimsitheach a dhéanamh ar an stoc reachtach atá faoina fhreagracht, chun a mheas an bhfuil sé fós ábhartha agus oiriúnach dá fheidhm. Is cuid lárnach é sin den tástáil struis a leagtar amach i dTreoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin agus i litreacha misin na gCoimisinéirí[26]. Breathnaítear sa scagadh a dhéantar ar an reachtaíocht ar na réimsí beartais uile agus áirítear leis freisin gníomhartha tarmligthe agus gníomhartha cur chun feidhme.

Chun dlús a chur leis na hiarrachtaí sin agus chun tosaíocht níos mó a thabhairt dóibh, tá Plean Gníomhaíochta um Ghrinn-athbhreithniú Reachtaíochta á sheoladh ag an gCoimisiún. Dírítear sa Phlean Gníomhaíochta seo ar 12 réimse, a leagtar amach in Iarscríbhinn 1. Déanfar athbhreithniú orthu mar ábhar tosaíochta in 2026 agus 2027, agus é d'aidhm ag an athbhreithniú sin castacht agus ilroinnt a laghdú chun feabhas a chur ar a n-éifeachtacht agus a n-éifeachtúlacht.

Roghnaíodh an 12 réimse tosaíochta – saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí, seirbhísí airgeadais, custaim, cánachas, sláinte agus sábháilteacht bia, talmhaíocht, iompar, fuinneamh, aeráid, comhshaol, cúrsaí digiteacha, tithíocht agus ceadú – ar bhonn anailís inmheánach ar dhúshláin cur chun feidhme chomh maith le hionchur ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear trí idirphlé cur chun feidhme agus seiceálacha réadúlachta.

Meastar go mbeidh bearta reachtacha nó bearta eile mar thoradh ar an ngrinn-athbhreithniú reachtaíochta lena dtabharfar aghaidh ar fhorálacha atá imithe i léig, ar fhorluí, ar neamhréireachtaí nó ar cheanglais iomarcacha a chruthaíonn ualach nach bhfuil gá leis. Cothóidh sé comhdhlúthú freisin i réimsí a bhfuil ilroinnt ard rialála mar shaintréith iontu, agus d'fhéadfadh sé go dtarraingeofaí siar tograí aonair ón gCoimisiún mar thoradh air, i gcásanna

[24] Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, COM(2025) 47
[25] Clár oibre 2026 an Choimisiúin, COM(2025) 870
[26] Rogha na hEorpa: Treoirlínte Polaitiúla don Chéad Choimisiún Eorpach Eile 2024-2029

ina bhféadfadh sé nach léiríonn siad na réaltachtaí atá ann faoi láthair a thuilleadh nó ina bhfuil dul chun cinn i measc na gcomhreachtóirí ina stad.

I measc na samplaí de bhearta a d'fhéadfadh a bheith ann tá comhchuibhiú, próisis a dhigitiú, rialacha ilroinnte a chuíchóiriú, oibleagáidí tuairiscithe a laghdú agus uirlisí digiteacha a ghiaráil chun rómhaorlathas a laghdú. Féachann an Plean Gníomhaíochta le trédhearcacht agus intuarthacht a chothú, lena n-áirithítear go bhfuil dlíthe an Aontais oiriúnach don fheidhm agus costais chomhlíontachta á laghdú an tráth céanna le haghaidh gnólachtaí, riaracháin phoiblí agus saoránach.

Chun an t-ugach is gá a thabhairt don ghrinn-athbhreithniú reachtaíochta sin, déanfaidh Coláiste na gCoimisinéirí athbhreithniú go tráthrialta ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta. Beidh an dul chun cinn mar chuid de thuairisciú bliantúil an Choimisiúin maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú.

**An tArdán Simpliúcháin – grúpa ardleibhéal nua saineolaithe**

Tacóidh grúpa ardleibhéil páirtithe leasmhara, an tArdán Simpliúcháin, leis na hiarrachtaí grinn-athbhreithnithe reachtaíochta sin[27]. Tabharfaidh an grúpa nua[28] le chéile údaráis náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, Coiste na Réigiún – le tacaíocht ó Líonra na Mol Réigiúnach – an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, comhpháirtithe sóisialta, gnólachtaí agus eagraíochtaí sochaí sibhialta. Déanfaidh na rannpháirtithe moltaí maidir leis an gcaoi ar féidir rialacha an Aontais agus a gcur chun feidhme a dhéanamh níos simplí agus níos éasca le cur i bhfeidhm don phobal, do ghnólachtaí agus d'údaráis riaracháin, agus coinneoidh siad cuntas ar an dul chun cinn agus ar na riachtanais atá ag teacht chun cinn.

**<u>Príomhghníomhaíochtaí</u>**

- **Grinn-athbhreithniú reachtaíochta** a dhéanamh mar a leagtar amach sa phlean gníomhaíochta atá i gceangal leis seo.
- Tuilleadh ionchuir a lorg ó pháirtithe leasmhara chun dúshláin cur chun feidhme agus acmhainneacht simpliúcháin a shainaithint, lena n-áirítear trí **chomhairliúcháin**, **idirphlé maidir le cur chun feidhme** agus **seiceálacha réadúlachta**.
- Sainghrúpa ardleibhéil nua a bhunú – **an tArdán um Shimpliú** – chun tacú le hiarrachtaí simpliúcháin agus laghdaithe ualaigh.

## 4. DUL I NGLEIC LE RÓRIALÁIL RIALÁLA

D'fhéadfadh bacainní ar an margadh aonair eascairt as roghanna beartais náisiúnta, nósanna imeachta riaracháin éagsúla, easpa acmhainneachta riaracháin nó digitiú éagothrom. Cé nach mbíonn siad contrártha do dhlí an Aontais i gcónaí, cuireann bacainní den sórt sin bac ar

[27] Cuirfidh an grúpa nua sin le hobair an Ardáin 'Réidh don Todhchaí', a bhí i bhfeidhm idir 2021 agus 2024.
[28] C(2026) 8000

fheidhmiú rianúil an mhargaidh aonair, go neamhbheartaithe uaireanta. Dá réir sin, baineann bacainní ar an margadh aonair an bonn den rathúnas agus den athléimneacht.

Bacainn shuntasach den chineál sin is ea an rórialáil rialála[29]. Tarlaíonn rórialáil nuair a dhéanann Ballstát, agus dlí an Aontais á thrasuí nó á chur chun feidhme aige i réimse beartais ar leith, raon feidhme níos leithne, rialacha nó oibleagáidí níos déine a thabhairt isteach a théann níos faide ná na ceanglais a leagtar síos le gníomh dlí an Aontais[30]. Is féidir a mheas freisin gur rórialáil é nósanna imeachta níos déine a chruthú ná an méid is gá chun dlí an Aontais a chur chun feidhme.

Fiú i gcás nach sárú ar reachtaíocht an Aontais iad na cleachtais sin, is gnách go mbíonn éifeacht dhíobhálach acu ar an margadh aonair agus go gcuireann siad bac ar oibríochtaí gnó, lena n-áirítear ar an leibhéal náisiúnta, nó go ndéanann siad difear míchuí do chearta daoine aonair. D'fhéadfadh dálaí míchothroma do ghnólachtaí agus costais chomhlíontachta níos airde a bheith mar thoradh orthu freisin, rud a bhainfeadh an bonn d'fhiontraíocht, de nuálaíocht agus, ar deireadh, d'iomaíochas na hEorpa. Thairis sin, tá an riosca ann go ndéanfaidh rórialáil freagrachtaí a dhoiléiriú, ós rud é go bhféadfadh gníomhaithe eacnamaíocha an tAontas a choinneáil cuntasach as ualaí rialála a eascraíonn i ndáiríre as roghanna beartais náisiúnta, rud a dhéanfadh dochar do chlú an Aontais.

Ní féidir dul i ngleic leis na bacainní sin agus rórialáil a laghdú ach amháin i gcomhpháirtíocht leis na Ballstáit. Agus an méid sin á chur san áireamh, oibreoidh an Coimisiún ar shraith straitéisí dea-chleachtas agus critéar chun cuidiú leis na Ballstáit rórialáil a shainaithint agus a sheachaint i dtrasuí agus i gcur chun feidhme náisiúnta reachtaíocht an Aontais. Cuireann sé sin leis an ngealltanas comhchoiteann rórialáil a sheachaint, a léirítear sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 19 Márta 2026. Tacóidh an Coimisiún freisin leis na Ballstáit le linn an phróisis chun treoracha a thrasuí, rud a chuideoidh leo rioscaí rórialála a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint go luath.

Úsáidfidh an Coimisiún comhairliúcháin, idirphlé maidir le cur chun feidhme arna reáchtáil ag Coimisinéirí agus seiceálacha réadúlachta chun dúshláin chur chun feidhme i bhfoirm rórialála a shainaithint agus scrúdú a dhéanamh orthu. Beidh imscrúduithe i 'réimsí fócais le haghaidh forfheidhmithe' an Choimisiúin (féach an roinn thíos) ina gcuidiú freisin chun cásanna rórialála a bhrath.

Ba cheart do na Ballstáit rannchuidiú leis an mbailiú fianaise sin freisin. Cheana féin sa lá atá inniu ann, féadann siad cásanna a thuairisciú i mbunachar sonraí, nuair a bhíonn a mbearta náisiúnta féin níos déine ná dlí an Aontais[31], le linn treoracha a thrasuí nó ina dhiaidh sin. Sa chleachtas, áfach, níl an rogha seo á húsáid.

Cuirfidh an Coimisiún borradh faoin úsáid a bhaintear as sásraí agus fóraim atá ann cheana chun dul i ngleic le bacainní díobhálacha agus rórialáil sa mhargadh aonair. Beidh ról ag an Seimeastar Eorpach[32], trí phríomhbhacainní agus saincheisteanna rórialála a shainaithint i ngach Ballstát agus trí aird a tharraingt ar chásanna ar cheart dul i ngleic leo mar ábhar

[29] Sainaithníodh rórialáil mar bhacainn i Straitéis 2025 um an Margadh Aonair, COM(2025) 500.

[30] Tá an méid sin gan dochar do shaincheart na mBallstát bearta níos déine a ghlacadh i réimsí beartais áirithe má fhoráiltear amhlaidh sna Conarthaí.

[31] Is bunachar sonraí comhroinnte é THEMIS idir ranna an Choimisiúin agus na Ballstáit ina dtugann údaráis náisiúnta fógra don Choimisiún faoina mbearta náisiúnta trasuite.

[32] Is é an Seimeastar Eorpach creat an Aontais Eorpaigh chun beartais eacnamaíocha agus shóisialta a chomhordú agus chun faireachas a dhéanamh orthu.

tosaíochta. Beidh an Coimisiún ag brath, i measc nithe eile, ar obair an Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair, a bhfuil cur chuige comhoibríoch forbartha aige, i gcomhar leis na Ballstáit, chun bacainní díobhálacha sa mhargadh aonair a bhaint.

Ar deireadh, cuirfidh an Coimisiún san áireamh freisin an riosca a bhaineann le rórialáil agus tograí reachtacha á ndéanamh aige agus ceapfaidh sé iad ar bhealach lena n-íoslaghdófar an riosca sin (mar shampla, de réir mar is iomchuí, trí thosaíocht a thabhairt do rialacháin uileghabhálacha in ionad treoracha i réimsí an mhargaidh aonair, lena n-áiritheofar go rialálfar go huileghabhálach an t-ábhar atá faoi rialú an ghnímh le rialacha an Aontais).

**Príomhghníomhaíochtaí**

- Tacú leis na Ballstáit ina ngealltanas rórialáil a sheachaint trí **shraith straitéisí ina bhfuil dea-chleachtais** agus **treoir maidir le trasuí**.
- Cásanna rórialála a **bhrath ar bhealach níos fearr agus níos luaithe**, trí uirlisí an Choimisiúin agus in éineacht leis na Ballstáit.
- Príomhbhacainní a shainaithint agus obair leantach a dhéanamh ar shaincheisteanna rórialála in aghaidh an Bhallstáit tríd an **Seimeastar Eorpach** agus tríd an **Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair.**

## 5. CUR CHUN FEIDHME NÍOS FEARR AGUS FORFHEIDHMIÚ LÁIDIR

Ní éiríonn leis na rialacha is fearr fiú an tionchar atá beartaithe leo a bhaint amach nuair a bhíonn an cur chun feidhme ilroinnte, moillithe nó neamhréireach ar fud na mBallstát. Ní hamháin go lagaíonn easnaimh den sórt sin sláine an mhargaidh aonair agus go mbaineann siad an bonn den iomaíochas ach baineann siad an bonn den iontaoibh as an smacht reachta freisin, rud atá ina bhunús le dlisteanacht an Aontais. Tá costas suntasach ag baint leis sin do dhaoine agus do ghnólachtaí. Tá forfheidhmiú láidir intuartha mar bhonn taca freisin faoi chreidiúnacht an Aontais i gcomhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus faoina chumas comhar riailbhunaithe a chur chun cinn.

Tá príomhthionscnaimh glactha ag an gCoimisiún seo chun an margadh aonair a neartú[33] agus chun an smacht reachta a chosaint[34]. Mhéadaigh sé an tacaíocht cur chun feidhme do na Ballstáit, rud a chuir na huirlisí ar fáil dóibh chun dlí an Aontais a chur chun feidhme in am agus i gceart ón tús[35]. Mar sin féin, is é forfheidhmiú inchreidte agus éifeachtúil an réiteach cúlstop is gá chun rialacha an Aontais a chomhlíonadh go tráthúil i gcás nach n-éireodh le bearta coisctheacha.

Agus scála dhúshláin na hEorpa á mheaitseáil aige agus athléimneacht á cothú aige don todhchaí, cuirfidh an Coimisiún dlús le forfheidhmiú dhlí an Aontais. Déanfaimid bearta chun

[33] An Margadh Aonair: ár margadh baile Eorpach i ndomhan éiginnte: Straitéis chun an Margadh Aonair a dhéanamh simplí, rianúil agus láidir, COM(2025) 500.
[34] Timthriall Bliantúil an Smachta Reachta, https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/policies/justice-and-fundamental-rights/upholding-rule-law/rule-law/annual-rule-law-cycle_ga.
[35] Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú, COM(2025) 47

dlí an Aontais a fhorfheidhmiú ar bhealach níos tapúla agus níos láidre i ngach réimse beartais agus cóir chomhionann á háirithiú[36].

**Réimsí fócais an mhargaidh aonair le haghaidh forfheidhmiú**

Is é an Margadh Aonair inneall nuálaíochta, fáis agus iomaíochais na hEorpa[37]. Agus bacainní gan údar, rialacha náisiúnta éagsúla agus dálaí trádála éagsúla rompu, níl a n-acmhainneacht iomlán á baint amach ag gnólachtaí. Déanann na bacainní sin an iomaíocht a shaobhadh agus cuireann siad teorainn le gníomhaíocht agus infheistíocht trasteorann.

Sin an fáth a bhfuil dlús á chur ag an gCoimisiún lena chuid oibre maidir le rialacha an mhargaidh aonair a fhorfheidhmiú. Shainaithníomar 11 réimse fócais an mhargaidh aonair le haghaidh forfheidhmiú in Iarscríbhinn 2, bunaithe ar a n-ábharthacht shistéamach agus eacnamaíoch. Sna réimsí sin, déanfaidh an Coimisiún imscrúdú níos réamhghníomhaí ar na Ballstáit uile agus saothróidh sé saincheisteanna sainaitheanta, i gcás inar gá, trí nósanna imeachta tapa um shárú. Baineann na réimsí fócais atá liostaithe le saincheisteanna a bhfuil tionchar tromchúiseach acu ar fheidhmiú an mhargaidh aonair agus tionchar díobhálach ar ghnólachtaí Eorpacha. Shainaithin an Coimisiún na réimsí sin bunaithe ar fhaisnéis a bailíodh ó fhoinsí lena n-áirítear idirphlé maidir le cur chun feidhme, gearáin ó shaoránaigh agus ó pháirtithe leasmhara, agus saincheisteanna sistéamacha arna dtuairisciú ag lárionaid SOLVIT atá ag feidhmiú ar fud an Aontais chun dul i ngleic le fadhbanna trasteorann aonair. Beidh aghaidh a thabhairt ar rórialáil neamhdhleathach mar chuid d'fhorfheidhmiú na réimsí fócais sin freisin[38].

Is é an cuspóir atá ann a áirithiú go gcomhlíonfar rialacha an mhargaidh aonair a luaithe is féidir, agus úsáid á baint as an uirlis cheart le haghaidh gach cáis. Beidh imscrúduithe ag brath ar uirlisí atá ann cheana agus bainfidh siad leas as malartuithe leis na Ballstáit i ngrúpaí saineolaithe, i gceardlanna trasuite agus, i gcás inar gá, i gcruinnithe spriocdhírithe. Is féidir freisin le hidirphlé maidir le cur chun feidhme arna reáchtáil ag Coimisinéirí agus seiceálacha réadúlachta ionchur luachmhar a thabhairt uathu siúd a ndéanann rialacha an Aontais difear dóibh sa chleachtas. Méadóidh an Coimisiún an úsáid a bhaineann sé as réamh-idirphlé maidir le tionscnamh imeachta um shárú leis na Ballstáit chun imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe a d'fhéadfadh a bheith ann ar reachtaíocht an mhargaidh aonair agus i gcás ina bhfuil ionchas réalaíoch ann go dtiocfar ar réiteach tapa i gcomhar leis na Ballstáit lena mbaineann.

I gcás inar gá, seolfaidh an Coimisiún nós imeachta um shárú. Tarlóidh sé sin tar éis réamh-idirphlé maidir le tionscnamh imeachta um shárú nár éirigh leis, nó ón tús i sáruithe

[36] Comhlánaíonn an Teachtaireacht seo na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin a leagtar amach i dTeachtaireachtaí roimhe seo, ach ní thagann sí ina n-ionad, go háirithe an Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Dlí an Aontais: Torthaí níos fearr trí chur i bhfeidhm níos fearr' (C(2016)8600) agus Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Dlí an Aontais a fhorfheidhmiú ar mhaithe le hEoraip a dhéanann beart de réir a bhriathair' COM(2022) 518.

[37] De réir an Bhainc Cheannais Eorpaigh, 'dá laghdófaí bacainní ar earraí, thiocfadh méadú 4.4 % ar thrádáil laistigh den Aontas agus meastar go 1.3 %. a bheadh sa ghnóthachain rathúnais. Mar sin féin, le bacainní trádála níos ísle ar sheirbhísí, bhainfí amach méadú níos mó ar thrádáil (14.5 %) agus méadú leasa níos mó (1.8 %)', alt a foilsíodh mar chuid d'Fheasachán Eacnamaíoch BCE, Eagrán 8/2025..

[38] Sa Tuarascáil Bhliantúil ón gCoimisiún ar an Margadh Aonair agus ar an Iomaíochas an 30 Eanáir 2026 (COM(2026) 46), fógraíodh Clár Oibre Bliantúil maidir le Forfheidhmiú an Mhargaidh Aonair, a fhoilseofar gach bliain. Tá na tosaíochtaí forfheidhmiúcháin le haghaidh 2026 mar chuid den 11 réimse fócais sa mhargadh aonair le haghaidh forfheidhmiú a áirítear sa Teachtaireacht seo. Tá na réimsí fócais gan dochar don dianfhaireachán ar chur chun feidhme rialacha an Aontais i réimsí tosaíochta eile, amhail na rialacha chun dlús a chur le leathadh amach an fhuinnimh ghlain, mar a leagtar amach in COM(2026) 370 an 22 Aibreán 2026 (AccelerateEU).

tromchúiseacha a bhfuil fianaise mhaith ag gabháil leo. Nuair a sheoltar nós imeachta um shárú, is é an sprioc atá ann comhlíonadh tapa, rud a léirítear le ráta ratha an Choimisiúin go luath sa nós imeachta[39].

Mura féidir leis an gCoimisiún teacht ar thoradh dearfach le Ballstát áirithe, bíodh sin san idirphlé nó sa chéim réamhdhlíthíochta den nós imeachta um shárú, ní bheidh aon drogall air an cás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais nuair is iomchuí. Beidh dul chun cinn agus toradh ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin an Choimisiúin le haghaidh na réimsí fócais sin sa mhargadh aonair mar chuid de thuairisciú bliantúil an Choimisiúin maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú.

**Dlús a chur le forfheidhmiú dhlí an Aontais**

Tá sé fíor-riachtanach comhlíonadh dhlí an Aontais a áirithiú – ní hamháin ar mhaithe le feidhmiú éifeachtach an mhargaidh aonair ach freisin chun seasamh leis an Aontas mar chomhphobal atá bunaithe ar an smacht reachta. Ní bhaintear amach na tairbhí atá beartaithe do dhaoine agus do ghnólachtaí le rialacha an Aontais ach amháin nuair a chuireann na Ballstáit chun feidhme i gceart agus in am iad. Tá sé sin an-tábhachtach go háirithe nuair a bhíonn an smacht reachta faoi bhrú ar fud an domhain agus nuair a bhíonn an trádáil idirnáisiúnta á saobhadh.

Mar sin féin, tá an iomarca treoracha ann nach dtrasuitear in am go fóill. In 2025, d'eascair beagnach 70 % de nósanna imeachta nua um shárú as trasuí déanach treoracha ag na Ballstáit, rud a chuir cosc ar dhaoine agus ar ghnólachtaí tairbhiú go hiomlán as dlí an Aontais. An bhliain sin, chaill formhór na mBallstát spriocdhátaí trasuite go córasach, rud a chuir iallach ar an gCoimisiún 370 nós imeachta um shárú a sheoladh lenar cumhdaíodh na 36 threoir a bhí le trasuí.

Cé go ngníomhaíonn an Coimisiún go tapa chun tús a chur le cásanna um shárú maidir le trasuí déanach, is minic a thógann sé blianta iad a chur chun cinn agus a dhúnadh. Tógann cásanna lena mbaineann trasuí mícheart treoracha agus droch-chur i bhfeidhm treoracha nó rialachán níos faide fós. In 2025, ba é beagnach 3 bliana meánfhad cáis um shárú a dúnadh sa bhliain sin, agus mhair beagnach aon chúigiú díobh níos faide ná 5 bliana[40]. Idir an dá linn, cuirtear rialacha an Aontais i bhfeidhm go neamhréireach ar fud na mBallstát, rud a chruthaíonn réaltachtaí míchothroma agus éiginnteacht dhlíthiúil do dhaoine agus do ghnólachtaí.

Sa chomhthéacs sin, beidh an Coimisiún ag iarraidh dlús a chur lena ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin i gcásanna nach bhfuil treoracha á dtrasuí. I gcás nach dtabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi bhearta trasuite, déanfaidh sé glacadh[41] tuairimí réasúnaithe a shimpliú agus a bhrostú, arb ionann iad agus an dara céim i nós imeachta um shárú tar éis an litir fógra fhoirmiúil a chur chuig an mBallstát. I gcás nach dtugann Ballstát fógra faoi aon bheart trasuite (easpa iomlán trasuite) nó nach soláthraíonn sé aon fhógra breise a luaithe a sheoltar an nós imeachta um shárú (easpa pháirteach trasuite), eiseoidh an Coimisiún, de ghnáth, tuairim réasúnaithe laistigh de 6 mhí tar éis an litir fógra fhoirmiúil a ghlacadh.

---

[39] Réitítear dhá thrian de na nósanna imeachta um shárú ag an gcéad chéim (tar éis na litreach fógra fhoirmiúil), agus réitítear thart ar 95 % de na cásanna sula mbíonn orthu an cás a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

[40] https://ec.europa.eu/implementing-eu-law/member-state-infringement-cases/ga#inline-nav-10

[41] Go háirithe trí úsáid níos minice a bhaint as an nós imeachta cumhachtaithe chun cinntí a ghlacadh i nós imeachta um shárú.

Mheabhraigh an Chúirt Bhreithiúnais i líne sheanbhunaithe cásdlí an oibleagáid atá ar na Ballstáit faisnéis atá soiléir agus beacht go leor a sholáthar maidir le substaint na rialacha náisiúnta lena dtrasuitear treoir[42]. Chuir an Chúirt i dtábhacht go bhfuil gá leis an bhfaisnéis sin chun go gcinnfidh an Coimisiún an bhfuil treoir trasuite go hiomlán ag Ballstát. Le blianta beaga anuas, chuidigh an Coimisiún leis na Ballstáit cur isteach na mínithe sin[43] a chaighdeánú agus a chuíchóiriú agus leanfaidh sé de thacaíocht a chur ar fáil. Mar sin féin, mura ndéanann Ballstát na mínithe is gá a sholáthar, cuirfear an nós imeachta simplithe céanna i bhfeidhm agus a chuirtear i bhfeidhm i gcás mainneachtain fógra a thabhairt faoi bhearta trasuite dá dtagraítear thuas.

Ar an gcaoi chéanna, glacfaidh an Coimisiún cur chuige níos déine maidir le hiarrataí ó na Ballstáit síneadh a chur leis an spriocdháta 2 mhí chun freagra a thabhairt ar litir fógra fhoirmiúil[44] (i ngach cineál nós imeachta um shárú). Amach anseo, ní dheonófar síntí go ginearálta ach amháin ag céim na tuairime réasúnaithe, ar choinníoll go n-aithneoidh na Ballstáit an sárú agus go gcomhlíonfaidh siad coinníollacha carnacha seanbhunaithe[45] a ndéanfar measúnú docht orthu. Ag céim na litreach fógra fhoirmiúil, ní dheonófar síntí teoranta leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt ach amháin in imthosca an-eisceachtúil, amhail cásanna *force majeure*, i gcás ina gcuireann teagmhais nárbh fhéidir a thuar cosc ar an mBallstát freagra a thabhairt in am.

Faoi dheireadh shainordú an Choimisiúin, tá sé d'aidhm aige líon na gcásanna seanbhunaithe um shárú a laghdú. Chun é sin a bhaint amach, díreoidh sé ar chásanna atá ar oscailt le breis agus cúig bliana nár tarchuireadh chuig an gCúirt Bhreithiúnais go fóill. Beidh iarrachtaí na mBallstát agus a ndearcadh comhoibríoch ríthábhachtach chun cásanna den sórt sin a réiteach.

**Leas a bhaint as an intleacht shaorga**

Bealach eile chun dlús a chur leis an bhforfheidhmiú is ea dlús a chur le seiceálacha comhlíontachta ar bhearta náisiúnta trasuite. Léirítear leis an reachtaíocht náisiúnta córas bunreachtúil, nós imeachta agus riaracháin uathúil gach Ballstáit, agus teastaíonn am agus acmhainní chun na bearta sin a sheiceáil. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh an Coimisiún isteach úsáid uirlisí tiomnaithe intleachta saorga chun cúnamh a thabhairt seiceáil a dhéanamh ar an gcaoi a dtrasuíonn na Ballstáit dlí an Aontais. Cuideoidh na huirlisí sin freisin leis an gCoimisiún cásanna féideartha rórialála a shainaithint, rud a chuirfidh le measúnú níos córasaí ar fud na mBallstát. In 2026, cuirfidh an Coimisiún tús le treoirthionscadal le haghaidh na seiceálacha comhlíontachta ar bhearta náisiúnta trasuite. Tacóidh an intleacht shaorga le measúnú daonna – seachas teacht ina ionad – agus beidh sí faoi réir coimircí dochta[46]. Moltar do na Ballstáit IS a úsáid freisin chun dlús a chur lena gcuid oibre trasuite agus faireacháin.

[42] Breithiúnas ceannródaíoch ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Iúil 2019, *an Coimisiún v an Bheilg*, C-543/17, ECLI:EU:C:2019:573, mír 59.

[43] Mar shampla, trí theimpléad a sholáthar do na Ballstáit is féidir leo a úsáid chun an míniú a chur i láthair.

[44] Is é is cuspóir don litir fógra fhoirmiúil barúlacha an Bhallstáit a lorg maidir le torthaí an Choimisiúin, go minic tar éis idirphlé réamhsháraithe nó malartuithe déthaobhacha. Cuireann moilleanna gan údar bac ar mheasúnú an Choimisiúin agus tá an riosca ann go gcaithfear go míchothrom idir na Ballstáit.

[45] Ní mór amchlár réalaíoch agus soiléir go leordhóthanach de na bearta atá le déanamh a bheith san áireamh san iarraidh; ní mór é a bheith beartaithe leis an iarraidh ligean don Bhallstát na bearta is gá a dhéanamh chun an tuairim réasúnaithe a chomhlíonadh; ní féidir ach aon iarraidh amháin a dhéanamh chun síneadh a chur leis an sprioc-am chun freagra a thabhairt; ní mór an iarraidh a bheith faighte ag an Ardrúnaíocht sula rachaidh an sprioc-am tosaigh in éag; agus ní fhéadfaidh an t-am breise a dheonófar a bheith níos faide ná 3 mhí.

[46] Aon riosca a bhaineann le cinnteoireacht uathoibrithe a eisiamh agus dea-rialachas a áirithiú.

**Díspreagadh a neartú**

Tá gá le díspreagadh inchreidte chun forfheidhmiú láidir a bhaint amach. Tar éis sárú ar dhlí an Aontais a shainaithint agus a imscrúdú, ní mór do na páirtithe uile oibriú le chéile chun é a réiteach. Má theipeann air sin agus mura gcomhlíonann an Ballstát fós é, féadfaidh an Coimisiún, in dhá chás[47], nós imeachta a thabhairt isteach os comhair na Cúirte Breithiúnais lena ngabhfaidh iarraidh chun smachtbhannaí airgeadais a fhorchur.

I gcásanna ina bhfuil trasuí treorach neamhiomlán, foráiltear leis na Conarthaí cheana féin do smachtbhannaí airgeadais nuair a tharchuireann an Coimisiún Ballstát chuig an gCúirt Bhreithiúnais den chéad uair. Sa chás sin, ní féidir leis an gCúirt ina breithiúnas dul thar an méid a mhol an Coimisiún. Mura gcomhlíonann Ballstát an chéad bhreithiúnas agus más gá é a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais an dara huair, tá cumhacht lánroghnach leathan ag an gCúirt cinneadh a dhéanamh maidir le méid níos airde ná an méid a mhol an Coimisiún (agus tá sé sin déanta aici le blianta beaga anuas). Le mainneachtain maidir le trasuí, cuirtear bac ar chur i bhfeidhm na treorach sa dlíchóras náisiúnta, rud a chiallaíonn go mbaintear na cearta agus na buntáistí a thugtar le treoir de dhaoine agus de ghnólachtaí[48].

I bhfianaise an mhéid thuas agus an ghá atá le smachtbhannaí airgeadais athchomhairleacha leordhóthanacha in aghaidh na mBallstát a áirithiú, beidh an Coimisiún níos déine go córasach agus na pionóis atá le moladh don Chúirt á ríomh aige, rud a fhágfaidh go mbeidh méideanna níos airde ann.

**Oibriú leis na Ballstáit chun comhlíonadh níos fearr a bhaint amach**

Níl i gceist le deireadh a chur leis na bacainní atá ann cheana ach leath an dúshláin – tá sé chomh tábhachtach céanna cosc a chur ar bhacainní nua. Ós rud é go bhfuil reachtaíocht atá ag athrú go tapa, acmhainní teoranta agus an gá atá le mearfhreagairt ar ghéarchéimeanna ann, tá sé ríthábhachtach go gcuirfear rialacha nua chun feidhme i gceart ón tús.

Creideann an Coimisiún go láidir i bhfreagracht chomhroinnte leis na Ballstáit chun dlí an Aontais a chomhlíonadh go hiomlán. Le linn an chur chun feidhme, soláthraíonn an Coimisiún tacaíocht láidir do na Ballstáit i bhfoirm straitéisí cur chun feidhme, treochláir trasuite, treoir shaincheaptha agus meithleacha tiomnaithe. Dá réir sin, ba cheart do na Ballstáit dul i dteagmháil go réamhghníomhach leis an gCoimisiún trí dhúshláin cur chun feidhme a chomhroinnt go luath. Ar an mbealach sin, is féidir cur chun feidhme ilroinnte reachtaíocht an Aontais a sheachaint.

Le himeacht ama, tá laghdú tagtha ar líon na dtreoracha nua, agus tá rialacháin mar uirlis reachtach ag éirí níos tábhachtaí agus tá cineálacha éagsúla cur chuige faireacháin ag teastáil ina leith. Sa chomhthéacs sin, beidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an faireachán a dhéanann siad ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm rialacháin an Aontais a neartú. In

---

47 Go háirithe (i) i gcás nach ndearna Ballstát na bearta is gá chun breithiúnas níos luaithe ón gCúirt a chomhlíonadh inar cinneadh go ndearnadh sárú ar dhlí an Aontais (Airteagal 260(2) CFAE), agus (ii) i gcás inar mhainnigh Ballstát a oibleagáid a chomhlíonadh maidir le fógra a thabhairt faoi bhearta lena dtrasuitear treoir arna glacadh faoi nós imeachta reachtach (Airteagal 260(3) CFAE).

48 Meabhraítear go comhsheasmhach i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais maidir le sáruithe neamhchumarsáide 'gur oibleagáidí bunúsacha ar na Ballstáit iad an oibleagáid/na hoibleagáidí [a bhaineann le trasuí/le fógra a thabhairt] chun éifeachtacht optamach dhlí an Aontais a áirithiú agus nach mór, dá bhrí sin, mainneachtain na n-oibleagáidí sin a mheas mar shárú tromchúiseach cinnte (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *an Coimisiún v. an Pholainn*, C-147/23, ECLI:EU:C:2024:346, mír 72).

2026, forbróidh an Coimisiún uirlis TF nua chun pointe iontrála aonair a sholáthar chun go ndéanfaidh na Ballstáit cumarsáid leis an gCoimisiún agus go tabharfaidh siad fógra faoi bhearta náisiúnta trasuite laistigh de na sprioc-amanna a leagtar síos sna rialacháin (nuair a ainmníonn siad údaráis inniúla, mar shampla). Cuideoidh an uirlis freisin leis an gCoimisiún treoir chórasach maidir le cur chun feidhme a sholáthar do na Ballstáit agus maoirseacht chórasach a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm rialachán.

Mar sin féin, ní eascraíonn gach bacainn as droch-chur chun feidhme dhlí an Aontais. Eascraíonn roinnt mhaith acu as rialacha náisiúnta aontaobhacha. Ciallaíonn comhar éifeachtach freisin gur cheart do na Ballstáit staonadh ó rialacha náisiúnta a thabhairt isteach a d'fhéadfadh a bheith ina bhfadhb maidir le dea-fheidhmiú an mhargaidh aonair agus le cur chun feidhme comhsheasmhach rialacha an Aontais.

Chun ilroinnt dhlíthiúil a laghdú, cuirfidh an Coimisiún feabhas ar úsáid na n-uirlisí atá ann cheana amhail an Treoir maidir le Trédhearcacht an Mhargaidh Aonair[49] agus an Treoir um Sheirbhísí[50], lena gceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt faoi dhréachtbhearta náisiúnta agus féachaint ar fheabhsuithe breise ar na nósanna imeachta sin. Is sásraí cumhachtacha iad na forálacha sin chun neamh-chomhoiriúnachtaí le dlí an Aontais a chosc ag céim luath, sula nglactar na bearta náisiúnta, rud a chuireann deireadh leis an ngá atá le hobair forfheidhmiúcháin amach anseo agus a thugann gnóthachain éifeachtúlachta don Choimisiún agus do na Ballstáit araon.

Faoin gcóras trédhearcachta a cruthaíodh leis an Treoir maidir le Trédhearcacht an Mhargaidh Aonair, ní mór do na Ballstáit fógra a thabhairt faoi dhréachtbhearta a bhaineann le táirgí agus seirbhísí áirithe sula nglacfaidh siad iad. Déanann an Coimisiún athbhreithniú ar na dréachtaí sin in aghaidh dhlí an Aontais, le rannpháirtíocht chomhionann ó na Ballstáit uile, ar féidir leo a measúnuithe féin a chur isteach. Beidh feidhm ag 'tréimhse neamhghníomhaíochta' 3 mhí tar éis an fhógra, ar lena linn nach féidir leis an mBallstát a thugann fógra an beart a ghlacadh. Tugann sé sin am d'aiseolas agus do choigeartuithe. Cuirtear páirtithe leasmhara ar an eolas go hiomlán tríd an ardán 'TRIS' agus is féidir leo aiseolas fiúntach a sholáthar chun bacainní a chosc ar an leibhéal náisiúnta.

Maidir le bearta náisiúnta a thagann faoin oibleagáid fógra a thabhairt faoin Treoir um Sheirbhísí, níl feidhm ag aon tréimhse neamhghníomhaíochta ach tá an Coimisiún ag dul i dteagmháil leis na Ballstáit chun fógra a thabhairt go deonach faoi bhearta a mhéid is féidir ag céim an dréachta, chun tionchar coisctheach na bhfógraí a mhéadú.

Le blianta beaga anuas, tá aird tarraingthe ag an gCoimisiún ar ábhair imní maidir le comhlíonadh i ndréachtbhearta, go háirithe in earnálacha an agraibhia, na seirbhísí digiteacha agus an chomhshaoil. Mar sin féin, níor thug na Ballstáit uile aghaidh ar na saincheisteanna sin.

Agus leas iomlán á bhaint aige as an uirlis choisctheach sin, seolfaidh an Coimisiún nósanna imeachta um shárú go córasach má bhíonn sáruithe sainaitheanta fós gan réiteach. Áiritheoidh sé freisin go gcomhlíonfar go hiomlán an Treoir maidir le Trédhearcacht an Mhargaidh Aonair trí ghníomhaíocht forfheidhmiúcháin a dhéanamh nuair a dhéanann na Ballstáit neamhaird de

[49] Treoir (AE) 2015/1535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meán Fómhair 2015 lena leagtar síos nós imeachta chun faisnéis a sholáthar i réimse na rialachán teicniúil agus na rialacha maidir le seirbhísí na Sochaí Faisnéise (IO L 241, 17.9.2015, lch. 1).

[50] Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36).

cheanglais nós imeachta (e.g. mura gcomhlíonann siad an tréimhse neamhghníomhaíochta) nó mura dtugann siad fógra faoina ndréachtghníomhartha. Leanfaidh an Coimisiún ar aghaidh ar an mbealach céanna a mhéid a bhaineann le forálacha comhchosúla a d’fhéadfaí a thabhairt isteach i reachtaíocht amach anseo, mar chuid d’iarrachtaí forfheidhmithe trí dhearadh.

Ar deireadh, sa bhreis ar na bearta thuas, déanfaidh an Coimisiún, faoin gcéad chreat airgeadais eile agus go háirithe maidir le bearta i gcomhthéacs na bPleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, aird ar leith a thabhairt ar oibleagáidí faoi dhlí an Aontais a urramú, go háirithe i ndáil le feidhmiú cuí an mhargaidh aonair.

**Príomhghníomhaíochtaí**

- Saincheisteanna sainaitheanta i **réimsí fócais an mhargaidh aonair le haghaidh forfheidhmiú** a réiteach go pras agus na saincheisteanna leanúnacha a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí.

- **Nósanna imeachta um shárú níos tapúla** maidir le treoracha a thrasuitear go neamhiomlán, trí thuairimí réasúnaithe níos tapúla agus trí obair leantach chórasach i gcás nár sholáthair na Ballstáit doiciméid mhíniúcháin.

- **Níos lú síntí a chur leis na sprioc-amanna** do na Ballstáit chun freagra a thabhairt don Choimisiún i nósanna imeachta um shárú.

- Úsáid **uirlisí tiomnaithe intleachta saorga** a thabhairt isteach chun cúnamh a thabhairt dlús a chur le measúnuithe trasuite, agus ar an gcaoi sin ualaí riaracháin a laghdú gan cruinneas a chur i mbaol agus coimircí dochta a áirithiú.

- **Líon na gcásanna fadtréimhseacha maidir le sárú a laghdú** faoi dheireadh shainordú an Choimisiúin seo, agus béim ar leith á leagan ar chásanna atá ar oscailt ar feadh níos mó ná cúig bliana nár tarchuireadh chuig an gCúirt Bhreithiúnais.

- **Pionóis airgeadais níos athchomhairlí** in aghaidh na mBallstát a mholtar don Chúirt Bhreithiúnais.

- Chomh maith leis an ngrinnscrúdú atá ann cheana ar thrasuí treoracha, **faireachán níos fearr ar rialacháin an Aontais** trí uirlis TF nua chun fógraí ó na Ballstáit a lárú i gcás inarb ábhartha, agus chun treoir maidir le cur chun feidhme a chórasú agus maoirseacht an Choimisiúin a neartú.

- **Cosc níos fearr ar sháruithe ar rialacha an mhargaidh aonair**, agus úsáid á baint as ceanglais fógra a thabhairt faoin Treoir maidir le Trédhearcacht an Mhargaidh Aonair agus faoin Treoir um Sheirbhísí.